Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en)

15825/23

LIMITE

PROCIV 86
ENV 1384
JAI 1545
SAN 701
COSI 231
CHIMIE 102
ENFOPOL 512
RECH 530
CT 183
DENLEG 62
COTER 228
RELEX 1393
ENER 642
HYBRID 82
TRANS 539
CYBER 302
TELECOM 355
ESPACE 88
ATO 62
CSC 546
ECOFIN 1284
CSCI 198
DATAPROTECT 333
MI 1043
CODEC 2272
COPS 563
JAIEX 92
COPEN 415
IND 626
POLMIL 311
IPCR 63
DIGIT 281
DISINFO 98
CSDP/PSDC 799
MARE 27
POLMAR 59

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0318(NLE)**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12485/23 + ADD1 |
| Ábhar: | Tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht maidir leis an Moladh ón gComhairle maidir le Treoirphlean chun comhordú a dhéanamh ar fhreagairt ar leibhéal an Aontais do shuaitheadh ar an mbonneagar criticiúil a bhfuil ábharthacht trasteorann shuntasach ag baint leis |

Leagtar amach sa tuarascáil seo an obair a rinneadh go dtí seo i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle agus tugtar cuntas inti ar staid na himeartha agus scrúdú á dhéanamh ar an togra thuasluaite.

Rinneadh an tuarascáil a dhréachtú faoi fhreagracht na hUachtaránachta in oirchill Chomhairle CGB an 4-5 Nollaig 2023. Iarrfar ar an gComhairle an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá haire.

***Tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht maidir leis an Moladh ón gComhairle maidir le Treoirphlean chun comhordú a dhéanamh ar fhreagairt ar leibhéal an Aontais do shuaitheadh ar an mbonneagar criticiúil a bhfuil ábharthacht trasteorann shuntasach ag baint leis***

PUBLIC

## I. RÉAMHRÁ

1. An 6 Meán Fómhair 2023, leag an Coimisiún síos togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Treoirphlean chun comhordú a dhéanamh ar fhreagairt ar leibhéal an Aontais do shuaitheadh ar an mbonneagar criticiúil a bhfuil ábharthacht trasteorann shuntasach ag baint leis[1]. Iarradh an Treoirphlean sin go sonrach sa Mholadh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe ón Aontas chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú, moladh a glacadh an 8 Nollaig 2022 agus a caibidlíodh sna sála ar an sabaitéireacht a rinneadh ar phíblíne Nord Stream. Leis an Treoirphlean nua sin agus le Moladh 2022 ón gComhairle, déantar comhlánú ar phríomhphíosa reachtaíochta trasearnála an Aontais maidir le hathléimneacht fhisiceach an bhonneagair chriticiúil: an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil, a glacadh i mí na Nollag 2022.

2. Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar na rioscaí atá roimh an mbonneagar criticiúil san Aontas, go háirithe mar gheall ar an mbagairt mhéadaithe ó ionsaithe hibrideacha nó mar gheall ar an ngéarú ar theagmhais adhaimsire a bhfuil baint acu leis an athrú aeráide. Meabhrú ar an méid sin is ea na teagmhais a bhí ann le déanaí leis an mbonneagar criticiúil faoi uisce i Muir Bhailt, teagmhais a raibh tionchar acu ar an bhFionlainn, ar an Eastóin agus ar an tSualainn, agus meabhrú iad freisin ar an gá atá ann an athléimneacht a neartú go leanúnach, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. An mhí seo caite, leag an Chomhairle Eorpach béim ar an ngá atá le bearta éifeachtacha chun an athléimneacht a neartú agus chun slándáil an bhonneagair chriticiúil a áirithiú. Measann an Uachtaránacht go gcuireann na hiarrachtaí dul ar aghaidh leis an gcaibidlíocht maidir leis an Treoirphlean um Bonneagar Criticiúil go mór leis an aidhm sin.

[1] 12485/23 +ADD1.

3. Leagtar béim sa dréacht ón gCoimisiún ar na leibhéil éagsúla comhair ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann le freagairt ar theagmhais chriticiúla shuntasacha bonneagair a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo. Tá sé d'aidhm aige trí phríomhchuspóir a bhaint amach: (1) feasacht staide chomhroinnte a fheabhsú, (2) cumarsáid phoiblí chomhordaithe a threisiú, agus (3) freagairt éifeachtach chomhordaithe a bheith ann. Is é is aidhm don dréacht-Treoirphlean comhlánú a dhéanamh ar an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil a glacadh i mí na Nollag 2022 a mhéid a bhaineann le freagairt ar theagmhais den sórt sin.

PUBLIC

## II. OBAIR LAISTIGH DE CHOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

4. Sa Chomhairle, rinneadh an togra a scrúdú i bhfoirmíocht shonrach den Mheitheal um Chosaint Shibhialta atá tiomnaithe don Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil (meitheal dá ngairtear PROCIV-CER anseo feasta). Áirítear san fhoirmíocht sin toscairí arna n-ainmniú ag na Ballstáit chun an plé ar an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil agus, ar bhonn níos leithne, an plé ar chosaint agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil agus athléimneacht na n-eintiteas criticiúil a leanúint.

5. Cuireadh tús leis an bplé ar an dréacht-téacs le linn chruinniú an 12 Meán Fómhair le cur i láthair cuimsitheach ón gCoimisiún maidir leis na príomhghnéithe. Tugadh deis do na Ballstáit a gcuid réamhthuairimí maidir leis an togra a chur in iúl. Tarraingíodh anuas roinnt mhaith ceisteanna, lena n-áirítear ceisteanna maidir leis an raon feidhme earnála agus an tairseach chun an Treoirphlean a úsáid, maidir le hidirghníomhú an Treoirphlean sin le sásraí bainistithe géarchéime eile atá ann cheana, agus maidir le téarmaíocht.

6. Lean Meitheal PROCIV-CER leis an bplé ar an togra an 4 Deireadh Fómhair. Roimh chruinniú PROCIV-CER, d'eagraigh an Coimisiún cleachtadh leathlae i bhfoirm plé cásbhunaithe. Ba é an sprioc a bhí leis an gcleachtadh an dréacht-Treoirphlean um Bonneagar Criticiúil a thástáil i gcás samhailteach agus, ar an gcaoi sin, deis a chur ar fáil chun easnaimh agus feabhsuithe a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, easnaimh agus feabhsuithe a d'fhéadfadh a bheith mar chuid den chaibidlíocht ar an togra sa Chomhairle.

7. Thug an Uachtaránacht an chéad chomhréiteach ón Uachtaránacht isteach roimh an gcruinniú a bhí ag Meitheal CER PROCIV an 8 Samhain. Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an dul chun cinn mór a rinneadh, ach mar sin féin thug siad dá n-aire gur gá leanúint den phlé maidir le roinnt saincheisteanna, lena n-áirítear: an raon feidhme earnála agus an tairseach chun an Treoirphlean a úsáid; na sineirgí le sásraí agus lárionaid géarchéime eile de chuid an Aontais agus an ról a bheadh acu siúd, amhail ról an Lárionaid Comhordúcháin Práinnfhreagartha, sa Treoirphlean nua; an bealach is oiriúnaí chun príomhról na mBallstát maidir le bainistiú géarchéime agus cosaint na slándála náisiúnta a chur in iúl; cosaint iomchuí maidir le faisnéis íogair agus rúnaicmithe; agus ról chomhlachtaí agus fhóraim an Choimisiúin agus na Comhairle sa Treoirphlean nua. Shoiléirigh an Coimisiún gnéithe áirithe, lena n-áirítear na gnéithe sin a bhaineann le heilimintí a tharraing na Ballstáit anuas roimhe seo.

8. Tá an dara comhréiteach ón Uachtaránacht á ullmhú faoi láthair ag an Uachtaránacht, agus tíolacfar é roimh an gcruinniú atá le bheith ag Meitheal CER PROCIV an 11 Nollaig.

9. Maidir le comhordú, tá iarrachtaí déanta ag an Uachtaránacht ról a thabhairt do mheithleacha ábhartha eile nuair is iomchuí sa chomhad trasearnála seo. Iarradh ar thoscairí na Meithle PROCIV (an Mheitheal um Chosaint Shibhialta) páirt a ghlacadh in PROCIV CER an 8 Samhain toisc gur raibh baint ag na saincheisteanna a pléadh le hábhair ar spéis leo iad. Phléigh an Mheitheal um Chúrsaí Polaitiúla-Míleata (PMG) an mhír maidir le comhar idir an tAontas agus ECAT ag an gcruinniú a bhí acu an 13 Samhain.

PUBLIC

## III. CONCLÚIDÍ

10. Is mór ag an Uachtaránacht an obair a rinne an Coimisiún agus na Ballstáit le linn an phróisis caibidlíochta. Aithníonn an Uachtaránacht freisin na hiarrachtaí móra comhordúcháin a rinne na Ballstáit laistigh dá riarachán náisiúnta, iarrachtaí a chiallaigh go rabhthas in ann plé cuiditheach a dhéanamh agus an chaibidlíocht a chur chun cinn.

11. Measann an Uachtaránacht go bhfuil dul chun cinn maith déanta sa chaibidlíocht ach go bhféadfadh sé nach mbeifí in ann an Moladh seo ón gComhairle a ghlacadh roimh dheireadh an tseimeastair ós rud é gur gá roinnt saincheisteanna a bhreithniú a thuilleadh. Ina theannta sin, d'iarr roinnt Ballstát tuilleadh ama le haghaidh comhairliúchán náisiúnta sa chomhad casta trasearnála seo a bhfuil baint aige le cúrsaí slándála náisiúnta. Tá Uachtaránacht na Spáinne ag obair go dlúth le hUachtaránacht inteachta na Beilge chun aistriú rianúil an chomhaid a áirithiú, i gcás ina mbeadh gá lena aistriú.

12. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis an scrúdú ar an Treoirphlean atá beartaithe a thabhairt dá n-aire.

PUBLIC